C/2026/986

11.2.2026

Fógra le haghaidh na ndaoine atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh 2014/119/CBES ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 208/2014 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, eintitis agus comhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide san Úcráin

(C/2026/986)

Dírítear aird Viktor Ivanovych Ratushniak, Vitalii Yuriyovych Zakharchenko agus Serhiy Vitalyovych Kurchenko, daoine atá liostaithe san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/119/CBES ón gComhairle [1] agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 208/2014 ón gComhairle [2] maidir le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, ar eintitis agus ar chomhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide san Úcráin, ar an bhfaisnéis seo a leanas.

Tá faighte ag an gComhairle ó údaráis na hÚcráine an fhaisnéis a bhreithneofar faoi chuimsiú an athbhreithnithe bhliantúil ar na bearta sriantacha. Leis seo, cuirtear in iúl do na daoine thuasluaite go bhféadfaidh siad iarraidh a chur faoi bhráid na Comhairle chun na heilimintí atá ag an gComhairle ina comhad maidir lena n-ainmniú a fháil, **roimh an 18 Feabhra 2026**, leis an seoladh seo a leanas:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
ríomhphost: sanctions@consilium.europa.eu

I dtaca leis sin, cuirtear in iúl do na daoine lena mbaineann go ndéanann an Chomhairle athbhreithniú go tráthrialta ar liosta na ndaoine ainmnithe i gCinneadh 2014/119/CBES agus i Rialachán (AE) Uimh. 208/2014.

---

[1] IO L 66, 6.3.2014, lch. 26.
[2] IO L 66, 6.3.2014, lch. 1.